Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

**An Bhruiséil, 11 Deireadh Fómhair 2022**
**(OR. en)**

**13167/22**

**LIMITE**

**CORLX 883**
**CFSP/PESC 1279**
**COAFR 250**
**COARM 190**
**FIN 1037**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh 2010/638/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne Phoblacht na Guine |

PUBLIC

**CINNEADH (CBES) 2022/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**lena leasaítear Cinneadh 2010/638/CBES**
**a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne Phoblacht na Guine**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 25 Deireadh Fómhair 2010, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2010/638/CBES[1] a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne Phoblacht na Guine.

(2) Ar bhonn athbhreithniú ar Chinneadh 2010/638/CBES, ba cheart síneadh a chur leis na bearta sriantacha sin go dtí an 27 Deireadh Fómhair 2023.

(3) Measann an Chomhairle gur cheart teideal Chinneadh 2010/638/CBES a leasú.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2010/638/CBES a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[1] Cinneadh 2010/638/CBES ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2010 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne Phoblacht na Guine (IO L 280, 26.10.2010, lch. 10).



PUBLIC

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh 2010/638/CBES mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

'Cinneadh 2010/638/CBES ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2010 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Ghuine';

(2) cuirtear an méid a leanas in ionad Airteagal 8(2):

'2. Beidh feidhm ag an gCinneadh seo go dtí an 27 Deireadh Fómhair 2023. Déanfar athbhreithniú leanúnach air. Déanfar é a athnuachan nó a leasú, de réir mar is iomchuí, má mheasann an Chomhairle nár comhlíonadh a chuspóirí.'.

PUBLIC

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*

Arna dhéanamh sa ...,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC